

Tearmann cánach

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi chinneadh an rialtais i dtaobh cúrsaí cánach. Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

1. agreement: _____
2. corporate tax: _____
3. small handful of countries: _____
4. European headquarters: _____
5. restructuring: _____
6. by Friday: _____
7. controversial: _____
8. invested: _____
9. ahead: _____
10. the Cabinet: _____



Ceist 2

Féach ar an mír uair amháin agus ansin pléigh ábhar ginearálta na míre leis an duine in aice leat.

Ceist 3

Féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cad é an ráta cánach corparáide faoi láthair agus cén ráta a bheidh ann má shíníonn an rialtas an comhaontú idirnáisiúnta?
2. Cén fáth a raibh drogall ar an rialtas an comhaontú a shíniú go dtí seo?
3. Cén tuairim atá ag Conall Ó Móráin faoin scéal?
4. Cad atá ag tarlú Déardaoin agus Dé hAoine?

Ceist 4

'...ar dhornán...' vs '...ar fud...'

Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar **fud** sa sampla thuas ach go bhfuil séimhiú ar **dornán**? Pléigh an cheist leis an duine in aice leat agus tugaigí samplaí chun freagra na ceiste a mhíniú.

Ceist 5

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na focail agus ar na frásaí seo a chuireann tréimhsí ama in iúl. Bainigí úsáid as na focail chun ceisteanna a chumadh agus cuirigí na ceisteanna ar a chéile.

Sa mhír:

- arú amárach
- faoin Aoine (faoin Luan, faoin Máirt, faoin gCéadaoin....)
- amach anseo
- is déanaí

Cúpla ceann eile:

- seo caite
- anuraidh
- le déanaí

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad é an difríocht idir imghabháil cánach agus seachaint cánach?
2. An gceapann tú féin gur cheart don tír an ráta cánach corparáide a ardú? Cén fáth?
3. Ar chuala tú faoi na *Pandora Papers*? Cad atá iontu agus cad a cheapann tú faoin nochtadh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tabhair deis do na foghlaimeoirí féachaint ar an stór focal sula bhféachfaidh siad ar an mír.

- | | |
|--------------------------------|--|
| 1. agreement: | <i>comhaontú</i> |
| 2. corporate tax: | <i>cáin chorparáide</i> |
| 3. small handful of countries: | <i>dornán beag tíortha</i> |
| 4. European headquarters: | <i>ceannáras (ceanncheathrú) Eorpach</i> |
| 5. restructuring: | <i>athchóiriú</i> |
| 6. by Friday: | <i>faoin Aoine</i> |
| 7. controversial: | <i>conspóideach</i> |
| 8. invested: | <i>infheistithe</i> |
| 9. ahead: | <i>chun tosaigh</i> |
| 10. the Cabinet: | <i>an Chomh-Aireacht</i> |

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh an réamhfhocail shimplí **ar**. Mar shampla: ar dhornán, ar bhord, ar chathaoir, ar Shiobhán srl.

Ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal, áfach, i ndiaidh an réamhfhocail shimplí **ar** nuair a chuirtear staid nó suíomh in iúl. Mar shampla: ar bord, ar meisce, ar ball, ar fad, ar comhchéim srl.

Ceist 5

Ceisteanna samplacha:

An mbeidh tú ag freastal ar an scoil arú amárach?

An gcaithfidh an aiste a bheith déanta faoin Aoine?

An mbeidh tú i do chónaí i gCorcaigh amach anseo, dar leat?

Cad é an scannán is déanaí a chonaic tú?

Cad a rinne tú an deireadh seachtaine seo caite?

An ndeachaigh tú thar lear anuraidh?

Cad é an nuacht is déanaí maidir le COVID-19?

Ceist 6

Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Eimear Ní Chonaola

Tá cinneadh le déanamh ag an rialtas arú amárach faoi an nglacfaidh siad leis an gcomhaontú nua idirnáisiúnta cánach. De réir an chomhaontaithe, d'fhéadfaí ráta cánach comparáide na tíre a ardú ó 12.5% go 15%. Tá Éire ar dhornán beag tíortha a chaitheas cinneadh a dhéanamh fós faoin ráta nua.

Caoimhe Ní Laighin

Tá ceannáras Eorpach ag go leor comhlachtaí móra corparáideacha in Éirinn agus is é an ráta íseal cánach corparáide is mó a spreagann spéis na gcomhlachtaí seo ionainn. Tá an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, nó an OECD, tar éis a bheith ag obair le fada ar athchóiriú a dhéanamh ar chórais cánach corparáide ar fud na cruinne.

Tá 130 tír lena gcomhaontú a shíniú cheana féin agus tá cinneadh le déanamh ag an tír seo ina thaobh faoin Aoine. Dúirt an tAire Iompair, Eamon Ryan, inniu go bhfuil súil aige gur féidir leis an tír seo an comhaontú a shíniú. Tuigtear go bhfuil frása conspóideach tógtha amach as an gcomhaontú anois – ‘15% ar a laghad’. Bhí inní ar an rialtas anseo i gcónaí dá¹ ngéillfidís don² ardú beag seo ar dtús go gcuirí tuilleadh brú orthu amach anseo an ráta a ardú arís agus arís eile.

Tá na milliúin euro infheistithe ag comhlachtaí idirnáisiúnta anseo, mar sin, deir saineolaí amháin go mb'fhéidir gur deis dúinn é an t-ardú seo.

Conall Ó Móráin, Saineolaí Airgeadais

Bhuel, tá na figiúirí is déanaí díreach tagtha amach agus tá an tír nó an rialtas billiún chun tosaigh maidir leis an bhfaisnéis a bhí acu, maidir le cáin chorparáide. So, aít go leor, cé go bhfuil na figiúirí an-sláintiúil ar fad, má théann muid go dtí 15% beidh siad níos sláintiúla, mar ar ndóigh, tá an ráta ag dul in airde. Agus, má chuirtear an ráta in airde go ginearálta trasna an domhain, ní féidir leis na comhlachtaí seo dul aon áit eile.

Caoimhe Ní Laighin

Pléifidh an Chomh-Aireacht an comhaontú Déardaoin.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4

¹ gur dá a dúradh

² ar a dúradh